Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8662/23**

**COH 39**
**EMPL 185**
**COMPET 350**
**EDUC 140**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Aibreán 2023 |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7575/23 |
| Ábhar: | Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'Harnessing talent in Europe's regions' [Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa]<br>– Conclúidí ón gComhairle (25.04.2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'Harnessing talent in Europe's regions'[Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa], a d'fhormheas an Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) ag an 3945ú cruinniú a bhí aici an 25 Aibreán 2023.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**
**maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa,**
**chuig an gComhairle,**
**chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún**
**dar teideal 'Harnessing talent in Europe's regions'[Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa]**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht COM(2023) 32 final an 17 Eanáir 2023 ón gCoimisiún Eorpach (dá ngairtear 'an Coimisiún' anseo feasta) agus an bhéim atá inti ar an tábhacht a bhaineann le borradh a chur faoi fhorbairt tallann chun tionchar neamhshiméadrach an aistrithe dhéimeagrafaigh i réigiúin Eorpacha a mhaolú, go háirithe iad siúd a bhfuil dúshláin bhreise rompu mar gheall ar laghdú níos géire ar a ndaonra in aois oibre agus laghdú ar sciar na ndaoine le hoideachas tríú leibhéal nó daoine óga;

(2) ADMHAÍONN SÍ gur comhartha dearfach atá sa Teachtaireacht chun tús a chur le bliain Eorpach na scileanna;

(3) AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá tallann chun, *inter alia*, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chumasú;

(4) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, áfach, go mbaineann dúshláin dhéimeagrafacha de chineálacha éagsúla agus le tionchair éagsúla le réigiúin uile an Aontais, lena n-áirítear na foréigiúin, agus go bhféadfadh siad éagothromaíochtaí críochacha nua agus méadaitheacha a ghníomhachtú, rud a chuirfeadh bac ar a n-athléimneacht agus a n-iomaíochas, mura dtugtar aghaidh orthu;

(5) IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tacú le réigiúin a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar ghaiste forbartha tallainne nó atá i mbaol sin, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an plean chun Sásra Treisithe Tallainne a sheoladh;

(6) AONTAÍONN SÍ leis an gCoimisiún go bhfuil gá le bearta spriocdhírithe chun tallann a chur chun cinn, a choinneáil agus a mhealladh chun réigiúin atá buailte a iompú ina suíomhanna tallann-dhírithe dinimiciúla agus go bhfuil forbairt agus cur chun cinn beartas áitbhunaithe, lena n-áirítear straitéisí um speisialtóireacht chliste, mar aon leis an gcur chuige ón mbun aníos, bunriachtanach i ndáil leis sin;

(7) I ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá comhordú, gan ualach riaracháin breise, ar chláir agus ar fhoinsí cistiúcháin an Aontais, agus ar straitéisí iomlánaíocha atá dírithe ar thacú le hathbheochan eacnamaíoch agus le hiomaíochas na réigiún sin a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar ghaiste forbartha tallainne nó atá i mbaol sin, trí dhul i ngleic le neamhéifeachtúlachtaí san oideachas agus i margadh an tsaothair, i dtithíocht, i gcúram sláinte, i mbearta inbhuanaitheachta, i nascacht agus i seirbhísí tábhachtacha eile a mbíonn tionchar acu ar tharraingteacht réigiúin;

(8) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá fothú acmhainneachta chun cumas na réigiún a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar ghaiste forbartha tallainne, nó atá i mbaol sin, a spreagadh chun daoine ardoilte a mhealladh, agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá dea-chleachtas a roinnt, go háirithe ó na treoirthionscadail, chun leas cách;

(9) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí a áirítear sa Teachtaireacht a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, gan an t-ualach riaracháin a mhéadú, agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar na geallsealbhóirí féachaint, i gcomhar leis an gCoimisiún, ar na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil leis an Teachtaireacht, go háirithe agus tionscnaimh agus beartais an Aontais atá ann cheana á gcur chun feidhme, agus iad á gceapadh amach anseo.